Polasaí Gaeilge

fonn a dhéanann foghlaim

Polasaí Gaeilge

Fís na scoile

While we are a non-denominational school, we respect and promote the spiritual development of the pupils in accordance with the parents' wishes. Our school vision is one of the means by which we achieve our objectives in educating the children in he knowledge, skills and understanding in order to lead rich and fulfilling lives. Our vision as a school is as follows:

- Gaelscoil Uí Néill is a community of friendship and co-operation and a community that values learning above all else: we are a learning school!

- We look out for one another and help each other when we are in need. We do not hesitate to ask for help when we are having difficulties.

- We encourage all the members of our community to aspire and to strive to achieve all that we can and for each of us to become the best person we can be.

- We are the heartbeat of the Irish language in Coalisland and Clonoe and speak Irish with pride and conviction in school and beyond our gates. We promote the values and customs of our country as well as developing the skills we need to live in a modern society. Our culture gives us the foundation and confidence to embrace a constantly changing world.

- We are a bilingual and biliterate school; we recognise the position of the English language in our society and ensure that all members of the school community develop literacy skills in both languages.

- We strive, through our bilingualism, to develop many aspects of our character and personality; to show confidence and take pride in who we are and to feel empathy and display tolerance towards others.

- We promote independence and value enquiry, recognising that it is sometimes less important to get the correct answer, and more important to understand and explore the question.

- We deliver all aspects of our Curriculum, as is our statutory duty, but we try to do so with creativity, imagination and verve.

- Learning can be fun and it is fun to learn – fonn a dhéanann foghlaim

Aidhm

Is é is sprioc le Gaelscoil Uí Néill Gaeilge labhartha d'ardchaighdeán (i measc na scileanna litearthachta Gaeilge eile) a chothú i measc na ndaltaí uilig sa scoil agus i measc gach ball d'fhoireann na scoile. Chuige sin, is é is aidhm leis an pholasaí seo ná úsáid na Gaeilge ar fud na scoile a chur chun cinn i measc gach ball den fhoireann agus i measc na ndaltaí uilig sa scoil agus moltaí a thabhairt ar shaibhriú na Gaeilge i measc phobal na scoile.

Cuspóirí

Is iad na cuspóirí atá leis an pholasaí seo ná:

- treoir a thabhairt don fhoireann teagaisc maidir le sealbhú agus saibhriú na Gaeilge i measc na ndaltaí sna seomraí ranga agus taobh amuigh den seomra ranga;
- treoir a thabhairt don fhoireann teagaisc agus eile maidir le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc na ndaltaí mar mhodh cumarsáide go ginearálta sa scoil;
- treoir a thabhairt don fhoireann teagaisc agus don fhoireann eile maidir le húsáid na Gaeilge mar mhodh cumarsáide le linn uaireanta oibre;

Teanga an Teagaisc

Is í an Ghaeilge príomh-theanga an teagaisc sa seomra ranga fud fad na scoile, ach tuigimid go mbíonn na daltaí ag leibhéil dhifriúla líofachta ag brath ar an aois sin. Dá bharr sin, bíonn solúbthacht ag múinteoirí difriúla maidir le húsáid na Gaeilge/Béarla leis na daltaí faoina gcúram. Ní mór don mhúinteoir aird a dhíriú ar phríomh-aidhm na scoile maidir le sealbhú agus saibhriú na Gaeilge a chur chun cinn i measc na ndaltaí agus, os rud é gur teanga idir shóisialta agus acadúil í an Ghaeilge i nGaelscoil, ní féidir treoir beacht a thabhairt do na múinteoirí maidir le línte dhul chun cinn don Ghaeilge labhartha i measc na ndaltaí. Agus sin ráite, tugann an *Scéim Litearthachta don Ghaeilge* agus *Na Focail is Coitianta sa Chaint* treoir maidir leis na gnéithe áirithe den litearthacht, ina n-áirítear spriocfhoclóir agus struchtúir ghramadaí. Díríonn an scéim fosta ar ghnéithe de shaibhriú teanga maidir le cúrsaí foclóra, gramadaí, nathanna cainte agus mar sin de agus ní mór don mhúinteoir aird a dhíriú ar na spriocanna seo agus é/í ag díriú ar leibhéil áirithe líofachta sa chaint agus ar bheaichte gramadaí chomh maith. Ní mór aird a dhíriú ar *Réim Theanga Ghaelscoil Uí Néill* (idir lámha) a chuireann síos ar fhoclóir a úsáideann foireann na scoile agus a dheimhníonn comhsheasmhacht sa Ghaeilge i measc na foirne.

An Naíscoil Bheag

Táthar ag súil is go mbeidh cóimheas 50/50 ann leis an mhuintir óga le linn bhliain na Naíscoile Bige. Teanga shóisialta, rímeanna, amhráin, dathanna, bunfhoclóir agus mar sin de an teanga ghlacach lena bhfuiltear ag dúil sa Naíscoile Bheag. Féach *Na Focail is Chaint* le treoir a fháil maidir le spriocfhoclóir don aoisghrúpa seo.

Naíscoil Uí Néill

Táthar ag súil is go mbeidh cóimheas níos airde d'úsáid na Gaeilge ann sa Naíscoil, ach is féidir an Béarla a úsáid i gcásanna a mheasann an múinteoir nó ball eile don fhoireann gur chóir sin a dhéanamh. Teanga shóisialta, rímeanna, rannta, amhráin, dánta, bunfhoclóir, bunfhrásaí agus mar sin de lena bhfuiltear ag dúil sa Naíscoil. Go fóill beag, táthar ag díriú ar theanga ghlacach a fhorbairt go príomha. Féach *Na Focail is Coitianta sa Chaint* le treoir a fháil maidir le spriocfhoclóir don aoisghrúpa seo.

An Bhonnchéim

Agus na daltaí ag teacht isteach i Rang 1, is í an Ghaeilge a úsáidtear go príomha sa seomra ranga. Tig an Béarla a úsáid amháin i gcásanna ina bhfuil dalta i gcontúirt go díreach nó i gcásanna d'fhíor-dhrochiompar. Tugtar obair bhaile amach go dátheangach sa Bhonnchéim, nuair is cuí sin. Féach *Na Focail is Coitianta sa Chaint* le treoir a fháil maidir le spriocfhoclóir don aoisghrúpa seo.

Eochairchéim 1

Is í an Ghaeilge teanga an teagaisc go fóill beag in Eochairchéim 1, ach amháin don Bhéarla ó Rang 3 ar aghaidh. Tugtar obair bhaile mata amach go dátheangach in EC1. Féach *Na Focail is Coitianta sa Chaint* le treoir a fháil maidir le spriocfhoclóir don aoisghrúpa seo.

Eochairchéim 2

Agus leibhéil líofachta na ndaltaí daingnithe faoi dheireadh Eochairchéim 1, thig le múinteoirí EC2 níos mó solúbthachta bheith acu sa seomra ranga maidir le teanga an teagaisc. Is í an Ghaeilge príomh-theanga an teagaisc go fóill beag in Eochairchéim 2 ach táthar ag súil le cur chuige comhtháite in ábhair áirithe, An Domhan Thart Orainn, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint agus na hEalaíona ach go háirithe. Mar gheall ar scrúduithe aistrithe féideartha ag tús Rang 7, ní mór don mhúinteoir an mata a chur i láthair na ndaltaí tríd an Ghaeilge amháin ach, nuair atá a leithéid de scrúdú thart, táthar ag súil le cur chuige comhtháite sa mhata chomh maith. Tugtar obair bhaile mata amach do na daltaí i nGaeilge amháin go dtí go bhfuil an

scrúdú thart. Féach *Na Focail is Coitianta sa Chaint* le treoir a fháil maidir le spriocfhoclóir don aoisghrúpa seo.

An Cód Cleachtais do Riachtanais Speisialta Oideachais

Ní mhúintear daltaí tríd an Bhéarla sa seomra ranga in Eochairchéim 1, ach amháin don Bhéarla, fiú amháin má thagann a leithéid de mholadh ó ghníomhaireacht sheachtrach, Síceoolaí Oideachais nó Oideachas Speisialta den Bhord Oideachais agus Leabharlainne mar shampla. Is féidir, áfach, le moladh ón Síceolaí Oideachais agus le comhaontú tuismitheoirí, príomh-theanga an teagaisc a athrú ó Ghaeilge go Béarla do dhaltaí áirithe ó thús Eochairchéim 2. Sa chás sin, cuirtear béim níos lú ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht sa Ghaeilge agus béim níos mó ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht i mBéarla. Ní hé go stopfaidh an múinteoir agus an fhoireann eile de bheith ag caint i nGaeilge le daltaí dá leithéid, ach táthar ag súil is go ndéanfaidh na daltaí seo formhór na hoibre s'acu tríd an Bhéarla, an mata ach go háirithe, taobh istigh den seomra ranga agus taobh amuigh. Ní mór don mhúinteoir a dheimhniú nach dtéann úsáid an Bhéarla sa seomra ranga le daltaí den chineál seo i bhfeidhm ar phríomh-theanga an teagaisc sa seomra ranga leis na daltaí eile.

Cosaint Páistí

Ar mhaithe le soiléireacht agus trédhearcacht, déanfar agallaimh le daltaí a bhaineann le ceisteanna Chosaint Páistí trí mheán an Bhéarla le daltaí de gach aois.

Straitéisí le hAghaidh Gaeilge a Cheartú nó Béarlachas a Aistriú sa Seomra Ranga

Ní cháintear daltaí as a bheith ag caint i mBéarla sa seomra ranga nó as samplaí Béarlachais s'acu. Is fearr an cairéad ná an bata, i measc na straitéisí is féidir a úsáid ná:

- droch-ghramadach / Béarlachas an dalta a athrá agus an mheancóg ceartaithe: Fhaca mé an game aréir – Chonaic tú an cluiche aréir?
- aird a dhíriú ar shamplaí de Ghaeilge shaibhir na ndaltaí agus ardmholadh a thabhairt do na daltaí as Gaeilge a labhairt;
- ardmholadh comhthreomhar a thabhairt, is é sin moladh a thabhairt do dhaltaí as a bheith ag caint i nGaeilge i ngar dóibh siúd nach bhfuil ag caint i nGaeilge;
- Teastais Ghaeilge agus duaiseanna eile a bhronnadh le linn tionóil na scoile;
- Gaeilgeoir na Seachtaine a roghnú;
- moladh do na daltaí *Réim Theanga Ghaelscoil Uí Néill* a úsáid leis na bearnaí sa Ghaeilge s'acu a líonadh dóibh féin;

- cead a thabhairt do dhaltaí focail/frásaí a rá as Béarla agus aistriúchán a thabhairt dóibh agus iarraidh orthu sin a athrá; agus
- focail, frásaí agus struchtúir a mbíonn deacrachtaí ag daltaí leo a nótáil agus aird a dhíriú orthu le linn ceachtanna Gaeilge.

I gcásanna a bhíonn dalta nó daltaí ag caint i mBéarla sa seomra ranga barraíocht, tig amharc ar an cheist seo mar cheist iompraíochta. Féach an Polasaí ar Dhea-Iompar le moltaí a fháil ar bhainistiú ranga i gcomhair le Gaeilge a chur chun cinn sa seomra ranga.

An Ghaeilge sa Chlós agus Taobh Amuigh den Seomra Ranga

Déanfar gach iarracht maoir lóin a cheapadh atá líofa sa Ghaeilge ach is minic nach féidir a leithéid a fháil. Sa chás nach bhfuil leibhéal sásúil líofachta sa Ghaeilge ag maoir chlóis, beidh cead ag na daltaí labhairt as Béarla leo. Ní chuirfear pionós ar dhaltaí agus iad ag caint i mBéarla sa chlós, ach bainfear úsáid as na straitéisí thuasluaite leis na daltaí a spreagadh chun an Ghaeilge s'acu a úsáid níos minice.

Úsáid agus Forbairt na Gaeilge i measc na Foirne

Ní mór do gach múinteoir ardchaighdeán Gaeilge, idir scríobh agus labhairt, bheith aige/aici. Bíonn caighdeán na Gaeilge lárnach sa phróiseas ceapacháin agus is féidir gan post a thairiscint do mhúinteoir más amhlaidh nach léiríonn sé/sí ardchaighdeán Gaeilge le linn an phróiseas ceapacháin.

Tugtar tús áite do ranganna na Bonnchéime maidir le rochtain ar Chúntóirí Ranga a bhfuil Gaeilge líofa acu. Ní bhaintear úsáid as Cúntóirí Ranga nach bhfuil líofa sa Ghaeilge sa Bhonnchéim.

Táthar ag súil is go mbeadh gach ball eile den fhoireann líofa sa Ghaeilge chomh maith, ach tuigtear nach bhfuil go leor daoine i measc an phobail go ginearálta a mbíonn na cáilíochtaí bainteacha acu i gcomhair le caighdeáin fhóirsteanacha Gaeilge. Dá bharr sin, is féidir go mbeadh baill fhoirne ann nach bhfuil iomlán líofa sa Ghaeilge. Pléifear leis na baill sin sa teanga a bhfuil siad féin compordach léi. Ní mór don fhoireann sin, áfach, gníomhú le feabhas a chur ar an Ghaeilge s'acu agus tabharfaidh an scoil tacaíocht chuí le cuidiú leis/léi.

Molaimid don fhoireann uilig cibé Gaeilge atá acu a úsáid lena chéile le linn sosanna nó am lóin. Tá sé seo ríthábhachtach nuair a bhíonn na daltaí in ann iad a chloisteáil ach go háirithe. Is trí shampla na foirne a fhoghlaimeoidh na daltaí gur teanga bheo shóisialta í an Ghaeilge, mar aon le teanga acadúil scoile. Is teanga fheidhmiúil oibre í i measc múinteoirí.

I gcásanna go mbíonn cuairteoir ann sa scoil nach bhfuil líofa sa Ghaeilge, labhraíonn na baill fhoirne Béarla leo agus labhraíonn siad Béarla lena chéile nuair a bhíonn an cuairteoir i gcomhluadar na foirne, sa seomra foirne mar shampla.

Teagmháil le Tuismitheoirí

Ní mór don mhúinteoir plé le tuismitheoir i dteanga a bhfuil sé/sí compordach léi le linn cruinnithe. Cuirtear gach nóta amach chuig tuismitheoirí go dátheangach. Tugtar tús áite don Ghaeilge ar na nótaí sin.

Fógraíocht sa Scoil

Bíonn gach fógra sa scoil léirithe go dátheangach. Tugtar tús áite don Ghaeilge ar na fógraí sin.

Naisc le Polasaithe agus Doiciméid Eile

- Réim Theanga Ghaelscoil Uí Néill
- Scéim Litearthachta na Scoile
- Na Focail is Coitianta sa Chaint
- Polasaí Curaclaim
- Polasaí Foghlama agus Teagaisc
- Polasaí ar Dhea-Iompar
- Polasaí Riachtanais Speisialta Oideachais
- Polasaí Chosaint Páistí

Scríobhtar polasaithe na scoile i mBéarla ar an chéad dul síos agus, ag brath ar acmhainní, cuirtear Gaeilge orthu chomh maith. Maidir le caipéisí eile (Plean Forbartha Scoile, mar shampla) scríobhtar i nGaeilge amháin iad nuair is iad na múinteoirí amháin (nó na Gobharnóirí) a bheas ag plé leo.

Monatóireacht agus Athbhreithniú

- Déantar monatóireacht ar an pholasaí ar bhonn reatha agus déanfar athbhreithniú ar an pholasaí mar chuid de Phleanáil Forbartha Scoile.